



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

7 Bealtaine 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Inghlacthacht – Airteagal 267 CFAE – An coincheap ‘cúirt nó binse’ – An Coimisiún Neamhspleách Inniúil um Eadráin maidir leis an dópáil a chomhrac i réimse an spóirt – Critéir – Neamhspleáchas an chomhlachta a dhéanann an tarchur – Prionsabal maidir le cosaint dlí éifeachtach – Do-ghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú)

I gCás C-115/22,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Unabhängige Schiedskommission Wien (an Coimisiún Neamhspleách um Eadráin, Vín, an Ostair), trí bhreith an 21 Nollaig 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 17 Feabhra 2022, sna himeachtaí

SO

Páirtithe leasmhara:

Nationale Anti-Doping Agentur Austria GmbH (NADA),

Österreichischer Leichtathletikverband (ÖLV),

An Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (WADA),

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Prechal, K. Jürimäe, C. Lycourgos, T. von Danwitz, F. Biltgen, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dhlísheomraí, J.-C. Bonichot, S. Rodin, J. Passer (Rapóirtéir), D. Gratsias, M. L. Arastey Sahún agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: D. Dittert,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 2 Bealtaine 2023,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– SO, ag J. Öhlböck, Rechtsanwalt,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

- Nationale Anti-Doping Agentur Austria GmbH (NADA), A. Sammer, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó P. Lohberger agus A. Schütz, Rechtsanwälte,
 - an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (WADA), ag D. P. Cooper, Aturnae, le cúnamh ó A.–S. Oberschelp de Meneses, avocate, K. Van Quathem, B. Van Vooren, advocaten, agus L. Waty, avocat,
 - Rialtas na Beilge, ag P. Cottin agus J.-C. Halleux, i gcáil Gníomhairí,
 - Rialtas na Fraince, ag R. Bénard agus A.–L. Desjonquères, i gcáil Gníomhairí,
 - Rialtas na Laitvia, ag E. Bardiņš, J. Davidoviča agus K. Pommere, i gcáil Gníomhairí,
 - Rialtas Lucsamburg, ag A. Germeaux agus T. Schell, i gcáil Gníomhairí,
 - Rialtas na Polainne, B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,
 - an Coimisiún Eorpach, ag A. Bouchagiar, M. Heller agus H. Kranenborg, i gcáil Gníomhairí,
- tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 14 Meán Fómhair 2023,
an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 5(1)(a) agus (c) le léiriú Airteagal 6(3) chomh maith le hAirteagail 9 agus 10 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, agus ceartúchán IO 2018 L 127, lch. 2, ‘RGCS’).
- 2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí eadrána idir SO, lúthchleasaí iomaíoch, agus Nationale Anti-Doping Agentur Austria GmbH (NADA) (Gníomhaireacht Frithdhópála Neamhspleách, an Ostair, ‘NADA’), maidir le cinneadh na gníomhaireachta sin na pionóis arna bhforchur ar SO mar thoradh ar shárú arna dhéanamh ag an duine sin den Rialachán náisiúnta frithdhópála a fhoilsiú.

An dlí lena mbaineann

Rialacha IAAF

- 3 Ghlac Cumann Idirnáisiúnta na gCónaidhmeanna Lúthchleasaíochta (‘IAAF’) Rialacha Iomaíochta IAAF 2014-2015 (rialacha iomaíochta IAAF le haghaidh 2014-2015) ina leagtar amach riail 32.2(b) agus (f), agus Airteagail 2.2 agus 2.6 de Rialacha Frithdhópála IAAF 2017 (rialacha frithdhópála IAAF) lena dtoirmiscítear ‘úsáid substaint toirmiscthe nó modha thoirmiscthe nó féachaint lena húsáid’ agus ‘substaint toirmiscthe nó modh toirmiscthe a shealbhú’.

Dlí an Aontais

- 4 Foráiltear le hAirteagal 5 de RGCS na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, agus foráiltear le hAirteagal 6 den Rialachán sin na coinníollacha ar dá réir a bhfuil an phróiseáil dleathach. Leagtar síos rialacha in Airteagail 9 agus 10 den Rialachán sin maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil.
- 5 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 77(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘An ceart chun gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta’:
- ‘Gan dochar d’aon leigheas riaracháin nó breithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi, ina (h)áit oibre nó áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi an Rialachán seo.’
- 6 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 78(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘An ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne údarás maoirseachta’:
- ‘Gan dochar do leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach ar bith eile, beidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlíthiúil leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil i gcoinne cinneadh a bhaineann leo a dhéanann údarás maoirseachta agus atá ina cheangal de réir dlí.’
- 7 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 79(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘An ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne rialaitheora nó próiseálaí’:
- ‘Gan dochar d’aon leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach atá ar fáil, lena n-áirítear an ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta de bhun Airteagal 77, beidh an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil ag gach ábhar sonraí i gcás ina measann sé nó sí gur sáraíodh a chearta nó a cearta faoin Rialachán seo mar thoradh ar phróiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta i neamh-chomhlíonadh an Rialacháin seo.’

Dlí na hOstaire

ADBG

- 8 Foráiltear le § 5(1) den Anti-Doping-Bundesgesetz 2021 (Dlí cónaidhme um Fhrithdhópáil de 2021) an 23 Nollaig 2020 (BGBl. I, 152/2020, ‘ADBG’) dar teideal ‘Unabhängige Dopingkontrollenrichtung [an Ghníomhaireacht Frithdhópála Neamhspleách, an Ostair]’ go bhfuil sé de chúram ar an ngníomhaireacht sin, *inter alia*, iarratais ar imscrúdú a dhéanamh, i gcomhréir le § 18 de ADBG, faoi bhráid an Österreichische Anti-Doping Rechtskommission (Coiste Dlí Frithdhópála na hOstaire, ‘ÖADR’), i gcás ina measann sé go ndearnadh sárú ar ADBG, agus stádas páirtí a fheidhmiú sna himeachtaí faoina bráid agus faoi bhráid an Unabhängige Schiedskommission (an Coimisiún Neamhspleách um Eadráin, an Ostair) (‘USK’), i gcomhréir le §§20(2) agus 23(2) de ADBG.
- 9 Foráiltear an méid seo a leanas le § 5(5) de ADBG:
- ‘D’fhonn feidhmeanna comhlachta náisiúnta neamhspleách um rialú dópála a chomhlíonadh, is ann do chuideachta fóntais phoiblí faoi dhliteanas teoranta a bhfuil an t-ainm [NADA] aige. [...] Ina cáil

mar rialaitheoir sonraí, de réir bhrí Airteagal 4(7) RGCS, déanann [NADA] na sonraí pearsanta a phróiseáladh.’

- 10 Foráiltear an méid seo a leanas le § 6(1) de ADBG, dar teideal ‘Forálacha maidir le cosaint sonraí’:

‘Tabharfar de chumhacht don chomhlacht náisiúnta neamhspleách um rialú dópála, agus é ina cháil mar rialaitheoir sonraí i gcomhréir le hAirteagal 4(7) den RGCS, a mhéid is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh faoin [ADBG] agus chun [ADBG] a chur chun feidhme, go háirithe i gcomhthéacs chúraimí [ÖADR] agus [USK], chun sonraí pearsanta a phróiseáil. [...]’

- 11 Tugtar le fios le § 7(1) de [ADBG], *inter alia*, go seolfaidh ‘[ÖADR]’, go háirithe, go seolfaidh ÖADR imeachtaí araíonachta don chónaidhm inniúil idirnáisiúnta spóirt lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha frithdhópála arna gcur i bhfeidhm ag an gcónaidhm idirnáisiúnta spóirt inniúil (nósanna imeachta frithdhópála). De réir § 7(7) ADBG, tá ÖADR ‘bunaithe ag’ an nGníomhaireacht Frithdhópála neamhspleách. Déantar foráil le § 7(8) ADBG go mbeidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 6 de ADBG.

- 12 Leagtar amach in § 8 de [ADBG], dar teideal ‘[USK]’ mar seo a leanas:

‘(1) Is coimisiún neamhspleách é [USK] atá comhdhéanta de chomhlachtaí Stáit, de dhaoine aonair agus de chomhlacht náisiúnta neamhspleách um rialú dópála. D’fhéadfadh sé nach raibh comhaltaí USK rannpháirteach san imscrúdú lena mbaineann lúthchleasaí nó duine eile, ná sa chinneadh maidir le hiarratas a chur isteach ar imscrúdú ar lúthchleasaí nó ar dhuine eile, nó i gcinneadh ÖADR féin, faoi réir a scrúdaithe. Gan dochar d’fhorálacha na bpointí (1) agus (2) de § 23(10), rinne an Gníomhaireacht Frithdhópála neamhspleách é a chur ar bun d’fhonn go ndéanfaí athbhreithniú ar chinntí ÖADR in imeachtaí frithdhópála.

(2) Beidh USK comhdhéanta, faoi réir 50 % ar a laghad de mhná a bheith i láthair, nó de chathaoirleach agus seachtar comhaltaí a bhfuil na cáilíochtaí seo a leanas acu:

1. Ní mór don chathaoirleach agus dá ionadaí nó dá hionadaí an scrúdú breithiúnach nó an scrúdú dlíodóra a bheith bainte amach acu;
2. Ní mór go mbeadh céim sa dlí agus taithí ag beirt chomhaltaí ar nósanna imeachta imscrúdaithe foirmiúla a sheoladh;
3. Caithfidh beirt chomhaltaí eile a bheith ina saineolaithe i gceimic anailíseach nó i dtocsaineolaíocht;
4. Ní mór do bheirt chomhaltaí a bheith ina saineolaithe ar leigheas spóirt.

I gcás gach nós imeachta, déanfaidh an Cathaoirleach nó a ionadaí ar a laghad comhalta amháin a ainmniú le haghaidh nós imeachta, i measc chomhaltaí USK a bhfuil céim sa dlí agus taithí ar nósanna imeachta foirmiúla imscrúdaithe a sheoladh, chomh maith le saineolaí amháin ar a laghad ar an gceimic anailíseach nó ar an dtocsaineolaíocht agus comhalta amháin ar a laghad atá ina shaineolaí nó ina saineolaí ar leigheas spóirt.

(3) Is é an [Bundesminister für Kunst, Kultur, öffentlichen Dienst und Sport (tAire Cónaidhme Ealaíon, Cultúir, Státseirbhíse agus Spóirt, an Ostair) a cheapfaidh an Cathaoirleach agus na comhaltaí dá dtagraítear i bpointí 1 go 4 d’fho-alt 2 ar feadh tréimhse ceithre bliana. Ceapfar

comhalta amháin mar ionadaí don Chathaoirleach as measc na gcomhaltaí. Féadfar sainorduithe a athnuachan agus a chúlghairm roimh ré ar fhorais thromchúiseacha. Féadfaidh an Cathaoirleach agus na comhaltaí éirí as oifig ag aon uair. I gcás ina n-éiríonn an Cathaoirleach nó comhalta as oifig roimh am, ceapfar duine nua ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige lena mbaineann. Déanfaidh USK cinneadh ar bhonn tromlaigh agus beidh córam ann nuair a bheidh an Cathaoirleach agus beirt chomhaltaí ar a laghad i láthair. I gcás comhionannas vótaí, beidh vóta réitigh ag Cathaoirleach an chruinnithe. Féadfaidh USK cinntí a dhéanamh freisin trí nós imeachta i scríbhinn i gcás, ar mhaithe le soiléireacht na n-imthosca, nach gá plé a dhéanamh i gcomhthéacs cruinniú agus nach ndéanann an Cathaoirleach ná comhalta agóid i gcoinne cinneadh a dhéantar ar an gcaoi sin. Tá feidhm ag forálacha de § 5(3) i leith USK.

[...]

(6) Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag § 6 de [ADBG].’

- 13 Foráiltear le § 20 de ADBG, dar teideal ‘Imeachtaí roimh [ÖADR]’, go bunúsach, go bhfuil ÖADR inniúil chun nósanna imeachta frithdhópála a sheoladh tar éis iarratais ar imscrúdú arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Frithdhópála neamhspleách agus chun cinntí a ghlacadh ag an gcéad chéim i gcás sárú ar rialacha frithdhópála na cónaidhme spóirt idirnáisiúnta inniúil.
- 14 Foráiltear an méid seo a leanas le § 21(3) de ADBG:

‘Ní mór don ÖADR, tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis don chinneadh a bheith críochnaitheach, an [eagraíocht chónaidhme spóirt] a chur ar an eolas, eagraíochtaí spóirt, lúthchleasaithe, daoine eile agus eagraithe comórtas, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, faoi na bearta is gá (mar shampla, fionraíochtaí) agus faoi na cinntí a ghlactar in imeachtaí frithdhópála, lena léireofaí ainm an duine lena mbaineann, fad na fionraíochta agus na cúiseanna leis an bhfionraí, gan a cheadú, áfach, teacht ar chonclúidí a bhaineann le sláinte an duine sin ó na sonraí foilsithe. Ní féidir an fhaisnéis sin a nochtadh i gcás daoine faoi chosaint, lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire nó daoine a chuir go mór le haithint sáruithe ar na rialacha dópála a d’fhéadfadh a bheith ann trí fhaisnéis nó táscairí eile a chur in iúl. I gcás lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire, is gá nochtadh a dhéanamh ar chúiseanna sláinte poiblí nuair a shainaithnítear sárú ar na rialacha frithdhópála dá dtagraítear in § 1(2)(3) agus (9) go (11).’
- 15 Foráiltear mar seo a leanas in § 23(1) de ADBG, dar teideal ‘Nósanna imeachta faoi bhráid USK’:

‘Féadfaidh na páirtithe dá dtagraítear i bhfo-alt 2, laistigh de thréimhse ceithre seachtaine tar éis an fhógra, iarraidh ar USK athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí dá dtagraítear in § 20. Beidh an cinneadh faoi réir athbhreithniú dlíthiúlachta arna dhéanamh ag USK agus féadfar é a chur ar neamhní gan aon chinneadh eile a chur ina hionad de dheasca neamhdhleathachta, nó féadfar é a leasú ar bhealach ar bith. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh dá dtagraítear in § 20, ach amháin i gcás ina bhforálann USK amhlaidh.’
- 16 Sonraítear le § 23(2) de ADBG, is páirtí é an Gníomhaireacht Frithdhópála neamhspleách sna himeachtaí atá faoi bhráid USK.
- 17 Le § 23(3) de ADBG, beidh feidhm *mutatis mutandis* maidir leis na himeachtaí os comhair USK ag § 580(1) agus (2), § 588(2), § 592 (1) agus (2), §§ 594, 595, 597 go 602, § 604, § 606 (1) go (5), § 608(1) agus (2) agus § 610 den Zivilprozessordnung (Cód an Nós Imeachta Shibhialta, ‘ZPO’). Ní

mór don USK an nós imeachta a sheoladh ar bhonn na rialacha frithdhópála atá á gcur i bhfeidhm ag an gcónaidhm spóirt idirnáisiúnta inniúil. Ina theannta sin, is féidir leis na páirtithe sa nós imeachta poiblíocht an nós imeachta a iarraidh.

- 18 Tugtar an méid seo a leanas le fios in § 23(4), de ADBG:

‘Laistigh de shé seachtaine tar éis an iarraidh ar athbhreithniú a fháil, ceanglófar ar an USK rialú a thabhairt nó éisteacht a eagrú. Tar éis an nós imeachta ó bhéal, ní mór an cinneadh críochnaitheach a ghlacadh i scríbhinn agus na cúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe laistigh de cheithre seachtaine. Déanfar an nós imeachta a chur i gcrích laistigh de shé mhí ón iarraidh ar athbhreithniú a fháil, ar an tuiscint go n-áireofar sa tréimhse sin moilleanna arb é an Páirtí is cúis leo i gcomhréir le fo-alt 2(1). I gcás comhionannas vótaí, beidh vóta an Chathaoirleach cinntitheach. Déanfar na cinntí sin a eisiúint i scríbhinn agus luafar iontu na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. D’ainneoin dhámhachtain eadrána USK, (an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (‘WADA’)) féadfaidh an Coiste Idirnáisiúnta Oilimpeach, an Coiste Idirnáisiúnta Para-Oilimpeach agus an Chónaidhm Idirnáisiúnta speisialaithe don spórt atá i gceist achomharc a thionscnamh i gcoinne chinneadh USK chuig (an Chúirt Eadrána Spóirt (CAS) atá bunaithe in Lausanne (an Eilvéis)). I gcásanna a bhaineann le rannpháirtíocht i gcomórtas idirnáisiúnta nó a bhaineann le himreoirí idirnáisiúnta spóirt, féadfaidh na daoine lena mbaineann agóid a dhéanamh in aghaidh cinntí go díreach faoi bhráid CAS. D’fhonn díospóidí a bhaineann le hábhair sibhialta a réiteach, fanfaidh an próiseas achomhairc sibhialta ar oscailt nuair a bheidh gach leigheas dlíthiúil faoin nós imeachta frithdhópála ídithe.’

- 19 Tugtar an méid seo a leanas le fios le § 23(14) de ADBG:

‘Ní mór do USK [an eagraíocht chónaidhme spóirt], eagraíochtaí spóirt, lúthchleasaithe, daoine eile agus eagraithe comórtas agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoina chinntí, lena léireofaí ainm an duine lena mbaineann, fad na fionraíochta agus na cúiseanna leis an bhfionraí, gan a cheadú teacht ar chonclúidí a bhaineann le sláinte an duine sin ó na sonraí foilsithe. Ní féidir an fhaisnéis sin a nochtadh i gcás daoine faoi chosaint, lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire nó daoine a chuir go mór le haithint sárúithe ar na rialacha dópála a d’fhéadfadh a bheith ann trí fhaisnéis nó táscairí eile a chur in iúl. I gcás lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire, is gá nochtadh a dhéanamh ar chúiseanna sláinte poiblí nuair a shainaithnítear sárú ar na rialacha frithdhópála dá dtagraítear in § 1(2), pointe (3) agus pointí (9) go (11).’

Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin Eadrána Neamhspleách dá dtagraítear i nDlí Cónaidhme ar Fhrithdhópáil 2021

- 20 Dar leis an Verfahrensordnung der Unabhängigen Schiedskommission nach dem Anti-Doping-Bundesgesetz 2021 (Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin Eadrána Neamhspleách dá dtagraítear i nDlí Cónaidhme ar Fhrithdhópáil 2021) an 1 Eanáir 2021 (‘Rialacha Nós Imeachta USK’) i bPointe 1(3) go bhfuil comhaltaí USK le bheith neamhspleách maidir lena gcúraimí a chomhlíonadh. Foráiltear le Pointe 5 de na Rialacha Nós Imeachta sin na forais ar ar féidir brath ar pháirteacht duine amháin nó níos mó de na comhaltaí sin agus ar na hiarmhairtí is féidir a bhaint as sin.
- 21 Sonraítear i bPointe 9(1) de na Rialacha Nós Imeachta sin go bhféadfaidh na páirtithe sna himeachtaí úsáid a bhaint as an bhfianaise uile dá bhforáiltear ag ZPO.

ZPO

- 22 Laistigh d'Ailt ZPO, ina leagan arna dhátú an 23 Nollaig 2020 (BGBl. I, 148/2020), lena rialaítear an nós imeachta eadrána, baineann § 597 leis na rialacha a bhaineann leis an iarraidh ar eadráin agus leis an bhfreagra, agus foráiltear le § 598 go bhféadfar éisteacht a thionól agus le § 599, *inter alia*, na rialacha maidir le fianaise a ghlacadh faoi bhráid an bhinse eadrána.
- 23 Foráiltear le § 607 de ZPO, go bunúsach, go gcruthaítear, le dámhachtain binse eadrána, idir na páirtithe, éifeachtaí cinnidh bhreithiúnaigh a bhfuil feidhm *res judicata* acu.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

- 24 Ba lúthchleasaí iomaíoch í SO ó 1998 go 2015. Is cúraimí í de chomhlachas atá ina chomhalta de Chónaidhm Lúthchleasaíochta Vín (an Ostair).
- 25 In 2021, ar bhonn torthaí imscrúdaithe a rinne an Bundeskriminalamt (Oifig Chónaidhme na bPóilíní Coiriúla, an Ostair), chuir NADA iarraidh faoi bhráid ÖADR go ndéanfaí cás SO a scrúdú toisc gur mheas sé gur sháraigh SO na rialacha frithdhópála.
- 26 Le Cinneadh an 31 Bealtaine 2021, fuair ÖADR SO ciontach as Riail 32.2(b) agus (f) de Rialacha Iomaíochta IAAF 2014-2015 agus as Airteagail 2.2 agus 2.6 de Rialacha Frithdhópála IAAF 2017 ('an cinneadh atá faoi chonspóid') a shárú chomh maith. Go sonrach, chinn ÖADR go raibh seilbh ag an iarratasóir ar substaintí idir mí na Bealtaine 2015 agus mí Aibreáin 2017 a raibh cosc curtha ag WADA ar a n-úsáid ag lúthchleasaithe gairmiúla faoi réir rialacha chomórtas IAAF le linn na tréimhse sin, eadhon Eiritreapóéisín (ar a dtugtar EPO), Genotropin (Omnitrope) agus Téististéarón (Androlog), agus go raibh úsáid bainte ag SO astu i bpáirt ar a laghad in 2015.
- 27 Mar thoradh ar an rialáil sin, sa chinneadh atá faoi chonspóid, dhearbhaigh ÖADR go raibh na torthaí go léir a bhain SO amach le linn na tréimhse idir an 10 Bealtaine 2015 agus an dáta a tháinig a chinneadh i bhfeidhm neamhbhailí agus tharraing sé siar na híocaíochtaí iontrála uile agus/nó na duaiseanna airgid a ghnóthaigh sí. Chuir sé cosc freisin ar SO as páirt a ghlacadh i gcomórtais spóirt d'aon chineál ar feadh thréimhse ceithre bliana a tháinig i bhfeidhm 31 Bealtaine 2021.
- 28 Le linn na n-imeachtaí a bhí faoi bhráid ÖADR, d'iarr SO nach ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a nochtadh don phobal i gcoitinne, i gcomhréir le § 21(3) ADBG, agus go háirithe nach ndéanfaí a ainm nó saintréithe aonair eile a nochtadh nó a fhoilsiú. Dhiúltaigh ÖADR don iarratas sin sa chinneadh atá faoi chonspóid.
- 29 Mar sin, chuir SO iarratas isteach ar athbhreithniú faoi bhráid USK go ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú ionas nach gcuirfí an pobal i gcoitinne ar an eolas, trína hainm iomlán a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain saor in aisce ag an bpobal air, faoi na cionta dópála a rinne sí nó faoin bpionós a forchuireadh uirthi.
- 30 Le cinneadh an 21 Nollaig 2021, dheimhnigh USK neamhniú na dtorthaí uile a ghnóthaigh SO i gcomórtais, lenar áiríodh tarraingt siar na dteideal, na mbonn, na nduaiseanna, na gceart rannpháirtíochta agus na mbónas uile a fuarthas amhail ón 10 Bealtaine 2015, agus gur cuireadh ar fionraí í ó gach comórtas (náisiúnta agus idirnáisiúnta) ar feadh thréimhse ceithre bliana ón 31 Bealtaine 2021.

- 31 Mar sin féin, chinn USK cinneadh a dhéanamh trí chinneadh ar leithligh maidir leis an iarraidh gan na cionta dópála a rinne SO ná na pionóis iarmhartacha a fhoilsiú, agus a chinneadh ina leith sin a fhorchoimeád.
- 32 Sna himthosca sin, chinn USK bac a chur ar na himeachtaí agus na ceistanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:
- ‘1. An ionann faisnéis go bhfuil sárú dópála sonrach déanta ag duine sonrach agus, mar thoradh ar an sárú sin, go dtoirmiscear don duine sin páirt a ghlacadh i gcomórtais (náisiúnta agus idirnáisiúnta) agus sonraí “a bhaineann leis an tsláinte” de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 (“an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí”)?
 2. An gcuireann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – go háirithe i bhfianaise an dara fomhír d’Airteagal 6(3) den Rialachán sin – bac ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear do nochtadh ainm daoine lena mbaineann an cinneadh de chuid an Unabhängigen Schiedskommission (an Coimisiún Neamhspleách um Eadráin, an Ostair), do thréimhse an toirmisc agus na cúiseanna ina leith, gan bheith in ann sonraí sláinte an duine lena mbaineann a thabhairt le fios? An bhfuil sé ábhartha nach féidir gan iad a nochtadh don phobal i gcoitinne ach amháin más lúthchleasaí áineasa, mionaoiseach nó duine a chuir go mór le haithint sárúithe dópála a d’fhéadfadh a bheith ann trí fhaisnéis nó táscairí eile a chur in iúl, an duine lena mbaineann?
 3. An gceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – go háirithe i bhfianaise na bprionsabal in Airteagal 5(1)(a) agus (c) – roimh an nochtadh, in aon chás, go ndéanfar leasanna an duine lena mbaineann a ndéanfaidh an nochtadh difear dó a mheas, ar thaobh amháin, agus an leas poiblí san fhaisnéis maidir leis an sárú frithdhópála a rinne an lúthchleasaí, ar an taobh eile?
 4. An ionann faisnéis go ndearna duine sonrach sárú dópála sonrach agus, mar thoradh air sin, go bhfuil toirmeasc ar an duine sin páirt a ghlacadh i gcomórtais (náisiúnta agus idirnáisiúnta) agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna de réir bhrí Airteagal 10 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a phróiseáil?
 5. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 4: An ionann an Unabhängigen Schiedskommission (an Coimisiún Neamhspleách um Eadráin, an Ostair) arna bhunú faoi § 8 de Anti-Doping-Bundesgesetz 2021 (Dlí cónaidhme um Fhrithdhópáil de 2021) agus údarás oifigiúil de réir bhrí Airteagal 10 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí?

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

- 33 Is ionstraim comhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, trína gcuireann an Chúirt na léirmhíntithe ar dhlí an Aontais atá de dhíth ar fáil do na cúirteanna náisiúnta, chun na díospóidí atá os a gcomhair a chinneadh (breithiúnas an 9 Márta 2010, *ERG agus páirtithe eile*, C-378/08, EU:C:2010:126, mír 72, agus Ordú an 9 Eanáir 2024, *Bravchev*, C-338/23, EU:C:2024:4, mír 18).
- 34 Tugtar le tuiscint leis an gcinneadh sin, chun go mbeidh sé i dteideal tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt i gcomhthéacs an nós imeachta réamhrialaithe, ní mór go bhféadfar an comhlacht a rinne an tarchur a aicmiú mar ‘cúirt nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, agus is faoin gCúirt atá sé

cinneadh a dhéanamh ar bhonn na hiarrata ar réamhrialú (Orduithe an 13 Nollaig 2018, *Holunga*, C-370/18, EU:C:2018:1011, mír 13, agus an 19 Bealtaine 2022, *Frontera Capital*, C-722/21, EU:C:2022:412, mír 11).

- 35 De réir chásdlí socair na Cúirte, agus cinneadh á dhéanamh an ‘cúirt nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE é an comhlacht a dhéanann ceist a tharchur, ceist a rialaítear go heisiach le dlí an Aontais, cuireann an Chúirt roinnt tosca san áireamh, amhail, *inter alia*, an bhfuil an comhlacht sin bunaithe le dlí, an bhfuil sé de nádúr buan, an bhfuil a dhlínse éigeantach, an ngabhann nós imeachta *inter partes* leis, an gcuireann sé rialacha dlí i bhfeidhm agus an bhfuil sé neamhspleách (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *Vaassen-Göbbels*, 61/65, EU:C:1966:39, lch. 395; an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 41, agus an 21 Nollaig 2023, *Krajowa Rada Sądowictwa (Cothabháil in oifig breithimh)*, C-718/21, EU:C:2023:1015, mír 40).
- 36 Is léir freisin ó chásdlí socair na Cúirte nach bhféadfaidh cúirteanna náisiúnta cás a thabhairt faoi bhráid na Cúirte ach amháin má bhíonn cás atá ar fionraí faoina bráid agus má iarrtar orthu breithiúnas a thabhairt in imeachtaí arb é is aidhm dóibh breith de chineál breithiúnach a bheith mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a chinneadh an bhfuil an comhlacht i dteideal cás a thabhairt os comhair na Cúirte de réir critéir struchtúracha agus fheidhmiúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, míreanna 42 agus 43 agus an cásdlí dá dtagraítear.
- 37 Maidir leis na critéir struchtúracha sin, is léir ón bhfaisnéis sa chomhad a chuirtear faoi bhráid na Cúirte agus go háirithe ó fhorálacha ADBG go gcomhlíonann USK na critéir a bhaineann lena thionscnamh dlíthiúil, lena bhuaine, le cineál éigeantach a dhlínse agus le cineál *inter partes* na n-imeachtaí atá faoina bhráid.
- 38 I gcodarsnacht leis sin, éiríonn ceist maidir le cibé an gcomhlíonann USK critéar an neamhspleáchais.
- 39 Maidir leis an gcritéar sin, ní mór a chur i bhfios go láidir go bhfuil neamhspleáchas na gcúirteanna náisiúnta, rud atá bunriachtanach ar mhaithe cosaint éifeachtach bhreithiúnach, ina chuid dhílis den chúram a bhaineann le breithiúnas a thabhairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juizes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117, míreanna 41 agus 42). Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, chun go bhfeidhmeoidh córas an chomhair bhreithiúnaigh lena gcuimsítear an sásra réamhrialaithe dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE sa mhéid, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, nach féidir an sásra sin a ghníomhachtú ach amháin ag comhlacht a chomhlíonann, *inter alia*, critéar sin an neamhspleáchais (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 40 Tá dhá ghné ag baint le coincheap an neamhspleáchais (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Meán Fómhair 2006, *Wilson*, (C-506/04, EU:C:2006:587, míreanna 49 agus 50, agus an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 57).
- 41 Ceanglaítear leis an gcéad ghné, atá de chineál seachtrach, ar an gcomhlacht lena mbaineann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go hiomlán neamhspleách, gan bheith faoi réir aon srian ordlathach nó faoi smacht aon chomhlachta eile agus gan orduithe nó teoracha a ghlacadh ó fhoinsí ar bith, agus leis sin chosnófaí an chúirt in aghaidh idirghabhálacha seachtracha nó brú

lenar dócha go gcuirfí as do bhreithiúnas neamhspleách a comhaltaí agus go mbeadh tionchar ag an méid sin ar a gcinntí (breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 42 I ndáil leis sin, is fiú a lua gurb ionann do-aistritheacht chomhaltaí an chomhlachta lena mbaineann agus ráthaíocht atá ina gné dhílis de neamhspleáchas na mbreithiúna sa mhéid is go bhfuil sé beartaithe cosaint a thabhairt do dhuine na ndaoine sin a bhfuil sé de chúram orthu breithniú a dhéanamh (breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 43 Go háirithe, ní mór béim a chur ar a thábhachtaí atá prionsabal na do-inaistritheachta, ar leis an bprionsabal sin a n-éilítear go háirithe, go bhféadfaidh breithiúna fanacht in oifig ar choinníoll nach bhfuil an aois scoir éigeantach bainte amach acu nó go dtí go rachaidh a sainordú in éag, i gcás inar sainordú ar feadh téarma seasta atá i gceist. Ní hea nach bhfuil aon eisceacht ón bprionsabal sin ar bith, ní mór go mbeidh údar leo ar chúiseanna dlisteanacha agus dosháraithe, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Dá bhrí sin, glactar leis go ginearálta go bhféadfar breithiúna a dhífhostú má tá siad mí-oiriúnach chun leanúint ar aghaidh in oifig mar gheall ar éagumas nó mí-iompar tromchúiseach, de réir nósanna imeachta iomchuí (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 44 D'fhonn do-inaistritheacht na gcomhaltaí cúirte nó binse a ráthú, ní mór go mbainfí feidhm as rialacha reachtaíochta áirithe chun cinneadh a dhéanamh i gcásanna ina gcuirtear comhaltaí an chomhlachta lena mbaineann as oifig, trí bhíthin forálacha reachtacha sainráite lena dtugtar ráthaíochtaí a théann thar na cinn dá bhforáiltear leis na rialacha ginearálta maidir le dlí riaracháin agus saothair a bhfuil feidhm acu i gcás briseadh as oifig éagórach (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 60, agus an 26 Eanáir 2023, *Construct*, C-403/21, EU:C:2023:47, mír 44).
- 45 Tá an dara gné, is é sin an coincheap 'neamhspleáchas', atá de chineál inmheánach, nasctha le neamhchlaontacht agus féachann sé lena áirithiú go gcoinnítear an t-achar céanna ó na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin. Don ghné sin, is gá go mbeadh neamhchlaontacht agus easpa leasa i dtoradh na n-imeachtaí ann, seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 46 Dá bhrí sin, de réir chásdlí socair na Cúirte, is é is ábhar do choincheap an 'neamhspleáchais' gur tríú páirtí é an comhlacht lena mbaineann i ndáil leis an údarás a ghlac an cinneadh atá faoi achomharc (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 47 Leis na ráthaíochtaí sin maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, glactar leis go bhfuil rialacha ann, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta bhreithiúnaigh sin, ceapachán agus fad seirbhíse na gcomhaltaí dá chuid, agus na cúiseanna lena dtarraingt siar, lena ndiúltú, agus lena gcur as post, chun deireadh a chur le haon amhras réasúnta in aigne na ndaoine, maidir le neamh-thréscaoilteacht an chomhlachta sin i leith imthosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair (Breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 48 I ndáil leis sin, maidir le USK, is fiú a thabhairt faoi deara go luaitear i bpointe 1(3) agus i bpointe 5 de Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin Eadrána Neamhspleách dá dtagraítear i nDlí cónaidhme um Fhrithdhópáil de 2021 go bhfuil a chomhaltaí le bheith neamhspleách maidir lena gcúraimí a chomhlíonadh agus go bhfuil siad faoi réir phrionsabal na neamhchlaontachta.
- 49 Mar sin féin, de bhun § 8(3) de ADBG, tá comhaltaí USK le ceapadh ag an Aire Cónaidhme Ealaíon, Cultúir, Státseirbhíse agus Spóirt ar feadh tréimhse in-athnuaite ceithre bliana, ar féidir é a fhoirceannadh roimh ré ‘ar fhorais thromchúiseacha’ gan an coincheap sin a shainiú sa reachtaíocht náisiúnta.
- 50 Go háirithe, níl do-inaistritheacht chomhaltaí USK ráthaithe le haon riail shonrach.
- 51 Is féidir cás chomhaltaí USK a idirdhealú, mar shampla, ó chás an chomhlachta a rinne an tarchur sa chás as ar eascair breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Consorti Sanitari del Maresme* (C-203/14, EU:C:2015:664), is é sin, mar is léir ó mhíreanna 11 agus 20 den bhreithiúnas sin, go bhfuil ráthaíocht do-inaistritheachta ag comhaltaí an chomhlachta sin, le linn a dtéarma oifige, agus nach féidir maolú a dhéanamh uirthi ach amháin ar chúiseanna a liostaítear go sainráite sa reachtaíocht lena ndéantar feidhmiú an chomhlachta sin a rialú.
- 52 Ina theannta sin, is faoin Aire Cónaidhme Ealaíon, Cultúir, Státseirbhíse agus Spóirt agus comhalta feidhmiúcháin eadhon atá sé an cinneadh a dhéanamh chun comhaltaí USK a bhriseadh as oifig, gan critéir bheachta ná ráthaíochtaí sonracha a bheith bunaithe roimh ré.
- 53 Is é sin le rá nach ráthaítear leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme go bhfuil comhaltaí USK saor ó bhrúnna seachtracha díreacha nó indíreacha, lena bhféadfadh amhras a chaitheamh ar a neamhspleáchas, sa mhéid nach gcomhlíonann an comhlacht sin ceanglas an neamhspleáchais a bhaineann go sonrach le cúirt, agus é á mheas i gcomhthéacs a gné seachtraí.
- 54 Tuigtear leis sin nach féidir an USK a aicmiú mar ‘cúirt nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.
- 55 Mar sin féin, ní dhíolmhaíonn sin é ón oibleagáid chun cur chun feidhme dhlí an Aontais a áirithiú nuair a ghlacann sé a chinntí agus nuair a fhágann sé na forálacha náisiúnta a dhealraítear a bheith contrártha d’fhorálacha dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach acu gan fheidhm, de réir mar is gá, os rud é go bhforchuirtear na hoibleagáidí sin ar na húdaráis náisiúnta inniúla uile agus ní hamháin ar na húdaráis bhreithiúnacha (breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 56 Ina theannta sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur léir ón gcáschomhad atá ag an gCúirt agus ón bhfaisnéis a chuir NADA ar fáil le linn na héisteachta, go ndearna SO gearán le Österreichische Datenschutzbehörde (Údarás um Chosaint sonraí na hOstaire) ina maítear sárú ar an gcosaint sin, i gcomhréir le hAirteagal 77(1) de RGCS. Ghlac an comhlacht sin cinneadh diúltaithe, arb é is ábhar d’achomhairc a tháinig faoi bhráid an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ostair) i gcomhréir le hAirteagal 78(1) de RGCS (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 7 Nollaig 2023, *SCHUFA Holding (Saoirse fiachais gan íoc)*, C-26/22 agus C-64/22, EU:C:2023:958, míreanna 52 agus 70). Cuireadh an chaingean sin ar fionraí go dtí go dtiocfadh freagra ón gCúirt ar na ceisteanna a ardaíodh sa chás seo.
- 57 Leanann sé as an méid thuas go bhfuil an iarraidh seo ar réamhrialú do-ghlactha.

Costais

- 58 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Tá an iarraidh ar réamhrialú ó Unabhängige Schiedskommission Wien (an Coimisiún Neamhspleách um Eadráin, Vín, an Ostair) a rinneadh le cinneadh an 21 Nollaig 2021, do-ghlactha.

Sínithe